Dhá scéal dhearfacha faoin nGaeilge

Leibhéal B2

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi dhá dhea-scéal a bhaineann leis an nGaeilge. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad atá ar eolas agat faoin ngrúpa rapcheoil *Kneecap*? Cad atá ar eolas agat faoin scannán *Kneecap*?
2. Cad a cheapann tú faoi cheol agus faoi liricí *Kneecap*?
3. An bhfuil aon chur amach agat ar an bhféile scannán *Sundance*?
4. An bhfaca tú scannán i nGaeilge riamh? Cad a bhí ann?
5. Ar chuala tú aon scéal faoi *#TrasnanadTonnta*? Téigh go dtí www.trasnanadtonnta.ie le tuilleadh eolais a fháil.
6. An scríobhann tú postálacha i nGaeilge go minic?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

famous: _____
groundbreaking, original: _____
main parts: _____
a body of work, oeuvre: _____
screen: _____
funders: _____
achievement: _____
producers: _____
campaign: _____
hashtag: _____
mindfulness session: _____

2. Féach ar an mír den chéad uair agus bí ag faire amach do na focail thuas. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén focal Fraincise a úsáideadh sa mhír le haghaidh 'an chéad taibhiú'?

4. Cad is brí leis na focail – **tionscal**, **tionscnamh**, **tionscadal** agus **togra**? Cuardaigh na focail sin ar www.teanglann.ie ar dtús agus ansin téigh go dtí www.focloir.ie. Cad a thugann tú faoi deara?

5. An féidir leat an frása 'a chur chun cinn' a chur in abairt lena bhrí a léiriú?

C: TUISCINT

Féach ar an mír arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoi na pointí seo a leanas:

- ✓ An grúpa ceoil *Kneecap*.
- ✓ An scannán *Kneecap.*
- ✓ An fhéile scannán *Sundance*.
- ✓ Feachtas **#TrasnanadTonnta**.
- ✓ Seoladh **#TrasnanadTonnta**.
- ✓ Conas a bheith páirteach san fheachtas **#TrasnanadTonnta**.
- ✓ Imeachtaí **#TrasnanadTonnta**.

An raibh an t-eolas céanna ag an duine in aice leat? Cuirigí an t-eolas a bhailigh sibh i gcodarsnacht agus i gcomparáid le chéile. Mura bhfuil sibh ar aon intinn faoin eolas a bhailigh sibh, féachaigí ar an mír arís.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (réamhfhocal comhshuite + an tuiseal ginideach)

a) Féach ar an sampla thíos ón mír. Cad is féidir leat a rá faoin ainmfhocal **an tseachtain**?

'le linn na seachtaine'

b) Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos anois agus cuir an fhoirm cheart de gach ainmfhocal sna bearnaí.

ar feadh (an mhí) _____
le linn (an scannán) _____
i rith (an fhéile) _____
i gcomhair (an leanbh) _____
os comhair (an rang) _____
i mbun (an scrúdú) _____
tar éis (an pósadh) _____
ar son (an tsíocháin) _____
in aice (an t-ollmhargadh) _____
i dtaobh (an t-amhrán) _____

c) Agus cad faoi na focail seo?:

trasna (an fharraige) _____
timpeall (an tsráid) _____
dála (an scéal) _____

2: Cruinneas gramadaí (cúis an tséimhithe)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí cúis an tséimhithe sna samplaí thíos ón mír:

- ✓ Taispeánfar scannán Gaeilge den c**h**éad uair …
- ✓ Ag an bhféile c**h**lúiteach …
- ✓ Tá príomhp**h**áirteanna ag baill an g**h**rúpa sa saothar.
- ✓ Bhí *Wildcard* mar c**h**omhléiritheoirí …
- ✓ Scáileán T**h**uaisceart Éireann.
- ✓ Na meáin s**h**óisialta.
- ✓ Is féidir a bheith páirteach trí t**h**eachtaireacht i nGaeilge a chur ar X …

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Féachaigí ar na féidearthachtaí éagsúla (na pictiúir thíos) chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Pléigí na ceisteanna le chéile ansin.

1. Déanaigí codarsnacht agus comparáid idir na pictiúir.
2. Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann?
3. Cé acu ceann ab fhearr libh féin? Cén fáth?

Ciorcal comhrá

Feachtas ar líne

Céilí Mór

2: Scríobh

Scríobh postáil anois do na meáin shóisialta mar chuid den fheachtas **#TransanadTonnta**. Is féidir leat postáil a scríobh faoi aon ní is mian leat. Smaoinigh siar ar na topaicí a clúdaíodh i gceachtanna SnasTV le déanaí chun tú a spreagadh – cláir raidió trí Ghaeilge, cúrsaí rugbaí nó spóirt go ginearálta, an buiséad, iriseoireacht na Gaeilge, Oireachtas na Samhna, tuilte agus drochaimsir, an cogadh i nGaza, círéibeacha i mBaile Átha Cliath nó bás Shane MacGowan. Is leor idir 5 agus 10 líne.

AN SCRIPT

Scéal 1
Eimear Ní Chonaola
Anois taispeánfar scannán Gaeilge den chéad uair riamh ag féile iomráiteach scannán *Sundance* i Meiriceá an chéad mhí eile. Scannán dar teideal *Kneecap*, faoin mbanna rapcheoil ceannródaíoch Gaeilge, agus an bealach a dtáinig[1] siad le chéile an chéad lá riamh, ábhar an scannáin.

Is ag féile chlúiteach *Sundance* a bheas[2] an *première* domhanda ag an scannán agus tá príomhpháirteanna ag baill an ghrúpa féin sa saothar. *Fine Point Films* agus *Mother Tongues Films* a léirigh an scannán, in éindí le *Wildcard* mar chomhléiritheoirí. Bhí Scáileán Thuaisceart Éireann agus TG4 i measc lucht maoinithe an scannáin. Éacht amach is amach don tionscal scannán, thuaidh agus theas, atá sa scéala seo, a deir duine de léiritheoirí an scannáin, tráthnóna.

Scéal 2
Siún Nic Gearailt
Fáilte romhaibh thar n-ais. Cuireadh tús leis an bhfeachtas *Trasna na dTonnta* inniu. Tionscnamh is ea é seo go bhfuil sé d'aidhm aige an Ghaolainn[3] a chur chun cinn ar na meáin shóisialta ar fud an domhain. Seoladh an togra i nGaelscoil Lios na nÓg i Raghnallach ar maidin agus beidh sé ar siúl go Dé hAoine. Tá deich milliún cainteoir agus foghlaimeoir Gaolainne – ar gach leibhéal cumais – tar éis a bheith páirteach sa bhfeachtas[4] go dtí seo. Is féidir leatsa a bheith páirteach trí theachtaireacht i nGaolainn a chur ar X, Facebook, TikTok nó Instagram agus úsáid a bhaint as an haischlib **#TrasnanadTonnta**.

Zara Ní Chionnaith, #TrasnanadTonnta
Beidh neart imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine. Beidh ciorcal comhrá – bunleibhéal, meánleibhéal, ardleibhéal; beidh seisiún ióga as Gaeilge; beidh seisiún aireachais agus beidh seisiún ceoil thraidisiúnta. Agus is féidir tuilleadh eolais a fháil mar gheall ar na himeachtaí sin ar www.trasnanadtonnta.ie. *So*, bígí linn, úsáidigí bhur gcúpla focal agus ná déanaigí dearmad úsáid a bhaint as an haischlib #TrasnanadTonnta.

[1] 'a dtáinig' = ar tháinig
[2] 'a bheas' = a bheidh
[3] An Ghaolainn = leagan canúnach i gcanúint na Mumhan de 'An Ghaeilge'
[4] 'sa bhfeachtas' = leagan canúnach de 'san fheachtas'.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile agus pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Seo thíos dhá nasc do dhá amhrán de chuid *Kneecap*. Tá an teanga agus na téamaí gáirsiúil go leor agus b'fhearr, b'fhéidir, gan na hamhráin a chur ar siúl sa rang.

https://www.youtube.com/watch?v=h1J_DVutL-w&list=RDEMTu6EDGMaINvWpNEULidhiA&index=6

https://www.youtube.com/watch?v=KSnF7RaeoXE

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

famous	clúiteach, iomráiteach
groundbreaking, original	ceannródaíoch
main parts	príomhpháirteanna
a body of work, oeuvre	saothar
screen	scáileán
funders	lucht maoinithe
achievement	éacht
producers	léiritheoirí
campaign	feachtas
hashtag	haischlib
mindfulness session	seisiún aireachais

2. Coproducers.
3. *Première*
4. Is féidir a rá go gciallaíonn **tionscal** *industry*; **tionscadal** *project*; **togra** *proposal;* agus **tionscnamh** *initiative*. Mar atá le feiceáil sna foclóirí, tá go leor bríonna ag na focail **tionscnamh** agus **togra** ach is iad *initiative* agus *proposal*, faoi seach, na samplaí is coitianta ar www.gaois.ie. Sa chaint, áfach, is minic a úsáidtear an focal **tionscnamh** le haghaidh *project*.
5. Bunaíodh an feachtas, *Trasna na dTonnta*, chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an domhain.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (réamhfhocal comhshuite + an tuiseal ginideach)

a) Tá an t-ainmfhocal **an tseachtain** sa tuiseal ginideach mar leanann sé an réamhfhocal comhshuite **le linn**.

b) Féach:
ar feadh **na míosa**
le linn **an scannáin**
i rith **na féile**

i gcomhair **an linbh**
os comhair **an ranga**
i mbun **an scrúdaithe**
tar éis **an phósta**
ar son **na síochána**
in aice **an ollmhargaidh**
i dtaobh **an amhráin**

c) Féach:
trasna **na farraige**
timpeall **na sráide**
dála **an scéil**

2: Cruinneas gramadaí (cúis an tséimhithe)

Tá na míniúcháin thíos bunaithe ar an gCaighdeán Oifigiúil (2017):

- ✓ Taispeánfar scannán Gaeilge den c**h**éad uair …
  *Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal dar tús consan a leanann **den** seachas iad siúd a thosaíonn le d, l, n, r, s, t.*
- ✓ Ag an bhféile c**h**lúiteach …
  Cuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach.
- ✓ *Tá príomhp**h**áirteanna ag baill an g**h**rúpa sa saothar.*
  Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú cuirtear séimhiú ar an dara focal nuair is féidir.
  Tá an focal 'grúpa' firinscneach agus sa tuiseal ginideach thuas, mar sin tá séimhiú air.
- ✓ Bhí *Wildcard* mar c**h**omhléiritheoirí …
  *Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **mar**.*
- ✓ Scáileán T**h**uaisceart Éireann.
  *Tá an t-ainm áite áirithe 'Tuaisceart Éireann' cáilithe ag an ainmfhocal 'Scáileán' thuas agus mar sin tá séimhiú air. Mar shampla: Cathair C**h**orcaí, muintir B**h**aile Átha Cliath, gluaisteán M**h**áire.*
- ✓ Na meáin s**h**óisialta.
  Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal (baininscneach agus firinscneach) a chríochnaíonn ar chonsan caol san iolra.
- ✓ Is féidir a bheith páirteach trí t**h**eachtaireacht i nGaeilge a chur ar X …
  *Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **trí**.*

Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do gach grúpa na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar na bealaí atá ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

2: Scríobh

Iarr orthu postáil a scríobh do na meáin shóisialta mar chuid den fheachtas **#TrasnanadTonnta**.